

Tuairisc ar an anailís ar na meáin Ghaeilge atá maoinithe ag Foras na Gaeilge

Údar: Séamus Daltún

Nollaig 2018

Clár na nÁbhar

Réamhrá.....	3
An bhfuil Foras na Gaeilge agus pobal na Gaeilge ag fáil luach ar airgead?.....	5
An Féidir na Critéir Tomhais a Chomhlíonadh?	7
Céard atá bainte amach ag na comhlachtaí ó thús na scéimeanna?.....	10
Torthaí Cainníochtúla.....	10
Torthaí Cáilíochtúla – freastal ar spriocghrúpaí áirithe san áireamh.....	15
Anailís LLDB	21
Moltaí.....	23
Focal Scoir	25
Tagairtí	26
Ceistneoir agus freagraí ón bpobal	26

Réamhrá

Tá trí scéim mhaoinithe ar leith i gceist sa luacháil seo agus tá eagraíocht amháin i gceist i ngach rannóg;

COMHAR atá faoi chaibidil faoin scéim Irise Ghaeilge, **Nós.ie** sa scéim Iris Stíl Mhaireachtála Ar Líne agus **Tuairisc.ie** sa scéim Nuachtán Seachtainiúil Ar Líne.

Bhí ar na hiarratasóirí foirm iarratais a chomhlíonadh agus a sheoladh isteach chuig Foras na Gaeilge ag lorg deontas i gcabhair faoi na scéimeanna a bhí fógartha. Seo thíos na critéir tomhais a bhí in úsáid ag Foras na Gaeilge chun na hiarratais a mheas;

Iris Ghaeilge

1. Fís an chomhlachta
2. Tuiscint / taithí ar ghnó na foilsitheoireachta
3. Caighdeán iriseoireachta, scríbhneoireachta agus dearadh
4. Spriocanna agus tionscnamh
5. Airgeadas
6. Éifeachtacht agus éifeachtúlacht
7. Forbairt na Gaeilge

Iris Stíl Mhaireachtála Ar Líne

1. Fís an chomhlachta
2. Tuiscint / taithí ar ghnó na foilsitheoireachta
3. Caighdeán iriseoireachta, scríbhneoireachta agus dearadh
4. Spriocanna agus tionscnamh
5. Airgeadas
6. Éifeachtacht agus éifeachtúlacht
7. Forbairt na Gaeilge

Nuachtán Seachtainiúil Ar Líne

1. Fís an chomhlachta
2. Tuiscint / taithí ar ghnó na foilsitheoireachta
3. Caighdeán iriseoireachta, scríbhneoireachta agus dearadh
4. Taithí i dtionscnaimh ar líne / dhigitithe
5. Deiseanna oiliúna a chruthú agus a chur ar fáil i gceird na hiriseoireachta
6. Líon léitheoirí
7. Airgeadas
8. Éifeachtacht agus éifeachtúlacht
9. Forbairt na Gaeilge

Mar is léir ón liosta thuas bhí seacht gcinn de chritéir na scéimeanna ar aon dul lena chéile agus bhí dhá chritéar sa bhreis i gceist don scéim Nuachtán Seachtainiúil Ar Líne; líon léitheoirí agus deiseanna oiliúna a chruthú agus a chur ar fáil i gceird na hiriseoireachta.

Cé go raibh na foirmeacha iarratais leagtha amach i bhfoirm soiléir ag Foras na Gaeilge ba ghá cuardach a dhéanamh i gcásanna áirithe chun teacht ar na freagraí ar na ceisteanna a bhí le freagairt. Ní hea gnó na luachála seo áfach breithiúnas a thabhairt ar conas mar a tugadh faoi na foirmeacha iarratais a chomhlánú ach ní miste aird a tharraingt ar an bpointe áirithe seo sa mhéid is go raibh cuid de na freagraí ag na hiarratasóirí teibí in áiteacha. Tá suimeanna móra airgid i gceist anseo, €600,000 in aghaidh na bliana nó €1,200,000 san iomlán thar an tréimhse mhaoinithe trí bliana.

An bhfuil Foras na Gaeilge agus pobal na Gaeilge ag fáil luach ar airgead?

Is deacair tomhas a dhéanamh ar aon rud sa tsaol gan slat tomhais éigin a bheith ann chun comparáid a dhéanamh. I gcás na dtrí foilseachán atá faoi chaibidil níl a macasamhla dhíreacha ann chun an comparáid sin a dhéanamh. D'fhéadfaí a rá go bhfuil cosúlachtaí idir Tuairisc.ie agus TheJournal.ie (a bhaineann le Distilled Media, úinéirí Daft.ie, Adverts.ie agus Donedeal.ie) ach nuair a cuirtear leasanna tráchtála TheJournal.ie san áireamh ní hionann an dá eagraíocht in aon chor gan a bheith ag trácht ar mhéid an phobail léitheoireachta. Tá COMHAR ag freastal ar mhargadh nideoige agus níl aon iris eile in Éirinn, i mBéarla nó i nGaeilge go bhféadfaí a chur i gcomparáid leis an raon leathan ábhar a bhíonn le léamh ann. Má cuardaítear iris stíle mhaireachtála ar Google is é a gheobhair mar thoradh ná irisí a fhreastalaíonn ar fhaisean na mban is mó gan an réimse leathan spéiseanna atá ar fáil in Nós.ie.

Ní miste áfach cur síos a dhéanamh ar conas mar a caitear le foilseacháin i mionteangacha ár gcomharsan.

An Bhreatain Bheag

Is gaire cás na Breataine Bige do chás na hÉireann ná aon cheann de na tíortha eile atá pléite sa tuarascáil seo. Tá an dá thír gar dá chéile ó thaobh tíreolaíochta de agus iad araon faoi thionchar agus faoi anáil an Bhéarla ar bhonn stairiúil (Ó Dochartaigh 2000: 9; Davies 2000: 79-80; in Uí Chollatáin R. 2011:81)

I gcás na Breataine Bige bhíodh dhá nuachtán Breatnaise á bhfoilsíú go dtí 2017, *Golwg 360* agus *Y Cymro*, faraor níl *Y Cymro* ar an bhfód níos mó cé gur bunaíodh é sa bhliain 1845. Cuireadh tús le seirbhís nuachta ar line, *Golwg 360* (Radharc as Gaeilge), sa bhliain 2009 agus is é rialtas na Breataine Bige a thugann cúnamh airgid do seo. Is iad Comhairle na Leabhar Breatnaise a chuireann maoiniú ar fáil (£200,000 sa bhliain) don leagan chlóbhuailte a fhoilsítear uair sa tseachtain. Maítear go bhfuil 12,000 cóip á gcur amach in aghaidh na míosa, níos mó ná aon irisleabhar eile sa Bhreatain Bheag.

Sa bhliain 2017 chuir Comhairle na Leabhar Breatnaise £670,322 (€751,759) san iomlán ar fáil chun tacú le foilsitheoireacht leabhair agus irisleabhair sa Bhéarla. Dáileadh £1,633,550 (€1,832,315) chun tacú le foilsitheoireacht leabhair, irisí agus ábhar eile (cluichí agus ábhar

leictreonach) sa Bhreatnais. San áireamh sa bhfigiúr seo tá £200,000 (€224,335) a cuireadh ar fail don seirbhís nuachta *Golwg360*. Tugadh tacaíocht do 228 leabhar chomh maith le 15 irisleabhair. D'íocadh £297,797 (€334,004) le húdair agus maisitheoirí agus roinneadh £25,976 (€29,134) ar dhíoltóirí leabhair. <http://www.clc.org.uk/ni-us/ffeithiau-facts>

Foilsítear an irisleabhar *Barn* (Barúil as Gaeilge) uair sa mhí sa Bhreatain Bheag. Is cúrsaí reatha is mó atá faoi chaibidil ann agus cuireann siad blaiseadh beag de na scéalta ar fáil ar an suíomh idirlín agus nuair a déantar gliogáil ar “tuilleadh” seoltar an léitheoir chuig an leathanach síntiúis. Táille £40 (€45) sa bhliain atá air.

Alba

Foilsítear *Dàna* (Dána as Gaeilge) i nGàidhlig na hAlban. Is seirbhís nuachta ócáideach ar line atá ann a cuirtear ar fáil ar bhonn deonach. Bunaíodh an suíomh sa bhliain 2014 agus bhí mar aidhmeanna ag an bhfoireann

- an bearna abhí ann a líonadh toisc nach raibh irisleabhar ann i nGàidhlig
- an teanga a normalú go háirithe ar line
- deiseanna a chur ar fail do na léitheoirí taitneamh a thabhairt don teanga
- cur le léamh agus scríobh i nGàidhlig chun stádas na teanga a ardach.

Níl eolas ar fáil ar líon na gcuariteanna a tugtar ar an suíomh.

Tá rochtain ar *Dàna* ar an suíomh ag danamag.org

An Bhriotáin

Sa Bhriotáin tá suíomh amháin nuachta ann a fhreastalaíonn ar phobal na Briotáinise, abp.bzh. Suíomh dátheangach atá ann, Francis agus Briotáinis. Bunaithe ag L'Agence Breton Presse sa bhliain 2003 tá an suíomh seo maoinithe ag a gcuid léitheoirí agus l'Association Bretonne pour les Médias Numériques. Maítear go mbíonn 3,000 cuairt ar an suíomh in aghaidh an lae. Rochtain ag abp.bzh

Tír na mBascach agus an Chatalóin

Cé go bhfuil líon na gcainteoirí dúchais i bhfad níos mó i dtír na mBascach (750,000) agus sa Chatalóin (2,266,700) ná mar atá in Éirinn tá dúshlán maoinithe acu siúd chomh maith. Easpa dóthain maoinithe poiblí agus easpa fógraíochta a luaitear i staidéar a dhéan Zabaleta et al sa bhliain 2012. D'éirigh le lucht bainistíochta an t-aon nuachtán laethúil iomlán Bascaise *Berria* (Nuacht as Gaeilge) feachtas nuálach a chur ar bun chun todhchaí an nuachtáin sin a chinntiú. Cruthaíodh scéim deontais poiblí agus d'éirigh leo breis is 4,000 deontóirí a earcú. Díoltar 20,000 go 25,000 cóip de *Berria* in aghaidh an lae.

Mar a bheifí ag súil leis toisc líon na gcainteoirí Catalóinise tá an scéal i bhfad níos sláintiúla le cúig cinn de nuachtáin Catalóinise agus suíomh idirlín ag gach aon cheann acu.

An Féidir na Critéir Tomhais a Chomhlíonadh?

Sa chaibidil seo déanfar tabhairt faoi na critéir tomhais atá comónta don trí scéim thuas.

Chuir iarratas COMHAR síos go cuimsitheach ar an bhfís mar seo a leanas;

- Go mbeidh sí ina hiris agus in a hinphrionta foilsitheoireachta leabhar barr feabhais a bheidh mar chéad rogha ag scríbhneoirí, scoláirí, léirmheastóirí agus léitheoirí na Gaeilge
- Gur tríthi a fhoilseofar scoth na nua-litríochta cruthaithí as Gaeilge, mar is dual di ó bunaíodh an t-ainm i bhfoilsitheoireacht na Gaeilge mar iris an chéad uair sa bhliain 1942
- Go mbeidh sí ina scothfhoilsitheoir Gaeilge de leabhair litríochta, fhaisnéis, anailíse agus tráchttaireachta sa Ghaeilge ar imeachtaí an tsaoil in Éirinn agus i gcéin
- Go mbeidh sí ina hardán intleachtúil a chothóidh smaoineamh agus díospóireacht, saoihiúlacht agus éigse na hÉireann i ngach réimse is suim don phobal léitheoirí atá ag iarraidh lón intinne; agus
- Go ndéanfaidh sí freastal ar réimse leathan spéise na léitheoirí i ngnéithe eile den saol comhaimseartha

– d’fhéadfaí a rá go bhfuil an fhís sin bainte amach acu cheana féin de réir an aiseolas a tugadh sa cheistneoir a seoladh i ndáil leis an luacháil seo.

Maidir le iarratas NÓS.ie ní fhéadfaí teacht ar aon fhís sonracha luaite ann.

Bhí fíis an chomhlachta soiléir san iarratas a sheol Tuairisc.ie;

Nuachtán seachtainiúil ar ardchaighdeán ar líne a ndéantar nuashonrú gach lá air a sholáthar saor in aisce do phobal uile na Gaeilge, in Éirinn agus thar lear, agus feidhmiú ar leas an phobail trí nuacht, eolas, anailís agus siamsaíocht a ghiniúint, a bhailiú agus a sheachadadh, le béim ar an bhfocal scríofa ach le hábhar físe agus fuaimne chomh maith.

Maidir leis an dara chritéar “Tuiscint / taithí ar ghnó na foilsitheoireachta” bhí cur síos cuimsitheach i ngach ceann de na hiarratais agus bhí fianaise ann cheana féin toisc NÓS.ie agus COMHAR a bheith ag feidhmiú cheana féin. Luaigh iarratas Tuairisc.ie go raibh taithí na mbliain sa réimse ag triúr de na stiúrthóirí agus iad ag obair in FOINSE.

Critéar a trí ab ea “Caighdeán iriseoireachta, scríbhneoireachta agus dearadh” agus d’fhéadfaí é seo a nascadh le critéar a ceathair “Taithí i dtionscnaimh ar líne / dhigitithe” mar bhí dóthain fianaise tugtha ag na trí iarratas go raibh siad seo bainte amach acu cheana féin.

Ceannteideal eile comónta don trí scéim ab ea Airgeadas agus bhí cur síos cuimsitheach ag gach iarratas air seo.

Bhí “Éifeachtacht agus éifeachtúlacht” luaite mar chritéar tomhais do gach scéim ach níor cuireadh ceist faoi na nithe seo go sonracha sna foirmeacha iarratais. D’fhéadfaí é seo a thomhas sna freagraí ar cheistanna faoi rioscaí d’aithint agus an pleanáil chun iad a sheachaint, na pleananna margaíochta 7rl.

An rannóg dheireannach a bhí comónta don trí scéim ab ea “Forbairt na Gaeilge” agus bhí cur síos cuimsitheach ag gach ceann de na hiarratais air seo.

Bhí dhá cheann sa bhreis ar na critéir comóna a bhain le measúnú na scéime Nuachtán Seachtainiúil ar líne;

- (a) Deiseanna oiliúna a chruthú agus a chur ar fáil i gceird na hiriseoireachta
- (b) Líon léitheoirí

Céard atá bainte amach ag na comhlachtaí ó thús na scéimeanna?

Tabharfar faoin gceist seo a fhreagairt faoi na réimsí seo a leanas;

- Torthaí Cainníochtúla
- Torthaí Cáilíochtúla – freastal ar spriocghrúpaí áirithe san áireamh

Torthaí Cainníochtúla

Sa chaibidil seo déanfar trácht ar na meastacháin a bhí sna foirmeacha iarratais agus cuirfear iad i gcomparáid leis na figiúirí reatha. Is slat tomhais é seo ar inrochtaineacht ar an aschur ó na trí eagraíochtaí.

COMHAR

Bhí ráite ag COMHAR go gcuirfí 600 cóip den iris i gcló gach mí go ceann trí bliana. Maidir le líon na síntiúsóirí bhí 300 mar bhonn-uimhir i mbliain a haon, 315 i mbliain a dó ag ardú go 332 i mbliain a trí agus Díolacháin de 170, 192 agus 230 sna blianta céanna.

Tá 325 síntiúsóir ann faoi láthair, méid beag faoi bhun an sprioc-uimhir. Tá líon na ndíolachán sna siopaí ag dul i méid bliain i ndiaidh bliana; 1365 cóip sa bhliain 2017, cothrom le 114 cóip sa mhí i gcomparáid le 1255 (105 sa mhí) le linn 2016 agus 1184 (99 sa mhí) sa bhliain 2015.

Faoi láthair tá 18 leabharlann poiblí in Éirinn le síntiús. Is céatadán an-íseal é seo mar tá 426 leabharlann poiblí ar fad ar oileán na hÉireann.

Tháinig *Comhar.ie* ar an saol 16 Márta, 2017

Seo thíos na príomh staitisticí ar an suíomh idirlín sin ó 1 Márta 2017 – 1 Márta 2018:

- Seisiúin (i.e. cuairteanna): 16,887
- Úsáideoirí aonair: 10,030
- Amhairc leathanaigh (i.e. líon na leathanach ar breathnaíodh orthu): 53,079

Nuair a cuirtear na figiúirí thuas i gcomparáid leo san ó Tuairisc.ie agus Nós.ie is deacair a rá go bhfuil ag éirí chomh maith san le Comhar.ie. Tá tábla comparáideach ar lch. 14.

Na meáin shóisialta:

Tá 2,366 leantóir ag COMHAR ar Twitter agus 2,776 ar Facebook. Cuireadh tús le cuntas Instagram sa bhliain 2018 agus bhí 100 leantóir cláraithe sa chéad seachtain agus 286 bainte amach acu faoi mhí na Samhna 2018. Tá cuntas YouTube ag COMHAR chomh maith a úsáidtear mar ardán poiblíochta do chlosleabhair.

NÓS.ie

Bíonn NÓS.ie ag braith go hiomlán ar rochtain leictreonach ar a gcuid ábhar. Tá méadú suntasach tagtha ar líon na léitheoirí sa chéad ráithe de 2018 ach roimhe seo bhí na figiúirí ag titim – ó 72,879 cuairteanna in aghaidh na bliana in 2015 go dtí 47,584 sa bhliain 2017 – titim de beagnach 35 %. Tá fás tagtha ar na figiúirí don chéad ráithe de 2018 agus má leanann an treocht seo don chuid eile den bhliain sárófar na figiúirí ab airde a bhí ann – 2015 – de bhreis is 10%.

2015 (7 Eanáir - 31 Nollaig): 72,879

2016 (1 Eanáir - 31 Nollaig): 57,941

2017 (1 Eanáir - 31 Nollaig): 47,584

2018 (1 Eanáir - 31 Márta): 20,116 (a léiríonn treocht de 80,464 don bhliain)

Na Meáin Shóisialta

Tá 9,376 leantóirí cláraithe le NOS.ie ar Facebook agus tá 6,360 leantóirí acu ar Twitter. Maidir leis na spriocanna míosúla don méid leantóirí, úsáideoirí, íoslódálacha agus amas mar a leagadh amach sa bhfoirm iarratais tá na figiúirí sin sáraithe acu – mar shampla, measadh san fhoirm iarratais go mbeadh 4,500 úsáideoir ar an suíomh ar bhonn míosúil faoi dheireadh 2017 ach bhí 4,849 úsáideoir ar an suíomh faoin Nollaig 2017. Ní fhéadfaí teacht ar aon chuntas ag NÓS.ie ar Instagram.

Tuairisc.ie

Luaigh Tuairisc.ie sa phlean margáíochta go mbeadh líon na gcuartheanna ar an suíomh acu in aghaidh na bliana mar atá luaite sna figiúirí thíos. Tugadh le fios áfach nach bhféadfaí tuairim cruinn ar bhonn eolaíoch a thabhairt faoi líon na gcuartheanna ag tús an tréimhse mhaoinithe agus go bhfuil sé seo aitheanta sa chonradh le Foras na Gaeilge - rud atá réasúnta.

Bliain 1 312,000 - 364,000

Bliain 2 468,000 – 572,000

Bliain 3 676,000 - 780,000

Bliain 4 884,000 – 988,000

Dúirt Tuairisc.ie i ndáil leis an luacháil seo go bhfuil idir 10,000 agus 15,000 úsáideoirí uathúla acu in aghaidh na seachtaine, rud a chiallaíonn go mbíonn idir 520,000 agus 770,000 cuairteanna ar an suíomh idirlín gach seachtain. Cé go bhfuil an uimhir seo níos lú ná mar a ceapadh a bheadh ag tús na tréimhse is léir go bhfuil suíomh tarraingteach acu a mheallann go leor cuairteanna. Tábla comparáideach ar lch. 14.

Na Meáin Shóisialta

Tá os cionn 20,000 leantóir ag Tuairisc.ie ar na meáin shóisialta (Facebook, Twitter agus Instagram) agus tá os cionn 1,200 duine cláraithe leis an nuachtlitir laethúil ar cuireadh tús leis go luath i rith 2018.

Cé gur eagraíochtaí iad atá éagsúil óna chéile Comhar, Tuairisc agus Nós, táid triúr ag fáil maoiniú nach beag ó Fhoras na Gaeilge - €600,000 in aghaidh na bliana, agus níor mhiste roinnt figiúirí comparáideacha a sholáthar anseo maidir leis an gcuid sin dá ngnó gur féidir a thomhas ar bhonn cainníochtúil. Chuige sin feicfear sa tábla thíos roinnt staitisticí a léiríonn a ngníomhaíocht sa saol ar line don bhliain 2017.

	Comhar.ie	Nós.ie	Tuairisc.ie
Seisiúin (cuairteanna)	16,887	47,584	251,024
Síntiúsóirí	325	0	0
Leantóirí ar Twitter*	2,366	6,360	7,664
Cairde ar Facebook*	2,776	9,376	7,090
Leantóirí ar Instagram*	286	819	1,318

*Samhain 2018

Luaitear na síntiúsóirí atá ag Comhar toisc go bhfuil an dá thrá á fhreastal acu idir an leagan chlóite agus an leagan ar line. Mar sin féin nuair a cuirtear líon na seisiún i gcomparáid lena chéile is léir go bhfuil méid mór oibre bolscaireachta roimh foireann Comhar má theastaíonn uathu tuilleadh léitheoirí ar line a mhealladh.

Torthaí Cáilíochtúla – freastal ar spriocghrúpaí áirithe san áireamh

Tá dhá fhoinsé faisnéise ar leith a chiorfar sa chaibidil seo – freagraí ar cheisteanna a cuireadh ar na heagraíochtaí mar chuid den luacháil seo agus freagraí an phobail ar an gceistneoir a seoladh ar líne. Maidir leis an gceistneoir úd, cé go raibh díomá ar an údar faoi líon na bhfreagróirí a bheith íseal (67 san iomlán) b'ábhar spéise go raibh tromlach (53% san iomlán) san aoisghrúpa 19-35. Cáineadh an ceistneoir toisc nár cuireadh na ceisteanna ceannann céanna faoi na trí foilseachán faoi chaibidil. An fáth a bhí leis seo ná nach ionann na trí foilseachán – tá misean ar leith ag gach ceann díobh - agus tá siad maoinithe faoi thrí scéim éagsúil.

COMHAR

Tá stair na mblianta ag baint le COMHAR agus bhí sé riamh i mbéal na ndaoine mar scoth-foilseachán liteartha agus cúrsaí reatha agus é ar chomhchéim ar a laghad le haon foilseachán Béarla sa réimse céanna. Tá tuairimí láidre ag lucht bainistíochta COMHAR an lae inniu ar an ard-chaighdeán a bhaineann siad amach mí i ndiaidh míosa. Thacaigh tromlach na bhfreagróirí le COMHAR ach bhí moltaí ar leith a bhain le ceist 11 sa cheistneoir (An bhfuil aon mholadh agat chun COMHAR a fheabhsú?) a thug le fios go bhfuil tuairim ann go bhfuil gá le níos mó poiblíochta chun an pobal léitheoireacht a fhás. M. sh.

Go mbeadh straitéis á fhorbairt acu chun leas a bhaint as na meáin shóisialta chun lucht léitheoireachta an iris a fhás. Fiú 30/40% de na hailt a bheith ar fáil le linn na míosa saor in aisce ar Facebook, Twitter & LinkedIn. B'fhéidir roinnt den obair ealaíon a roinnt ar Instagram nó Pinterest.

Maidir le freastal ar spriocghrúpaí is cinnte go bhfuil deiseanna ag COMHAR dul i bhfeidhm ar phobal níos leithne. Is cúis imní é nach nglacann ach dhá ghaelscoil as 72 meánscoil agus 305 bunscoil lán-Ghaeilge le COMHAR ar shíntiús gach mí gan a bheith ag trácht ar bhreis is 3,000 de bhunscoileanna agus os cionn 700 meánscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge á

múineadh. Ardaíodh an fhadhb áirithe seo le foireann Comhar agus seo thíos an freagra a tugadh.

Cé gur cinnte go bhfuil múinteoirí i measc síntiúsóirí reatha na hirise, níl ach dhá scoil dara leibhéal le síntiús reatha faoi láthair. Cuireadh feachtas margaíochta ar bun i 2016 nuair a seoladh cóip den iris, lascaine ar an síntiús bliana agus bileog eolais chuig 75 scoil lán Ghaeilge. Is as sin a tháinig an dá shíntiús go dtí seo. Bíonn seastán ag *Comhar* ag an Tionól Teagasc gach bliain agus déantar gach iarracht na múinteoirí a chur ar an eolas faoi fhéidearthachtaí na hirise mar áis foghlama agus mar ábhair léitheoireachta taitneamhach dóibh féin freisin.

Ba bhuntáiste é do Chomhar dá mbeadh feachtas margaíochta gairmiúil ann chun cur le líon na léitheoirí acu.

Tá an scéal acu níos dearfaí ag an tríú leibhéal sa mhéid is go bhfuil síntiús COMHAR ag nach mór 50% de na hinstiúidí seo.

Níl córas aiseolais ag COMHAR agus ní raibh níos mó ná san le rá acu ar an ábhar mar fhreagra ar na ceisteanna a seoladh chucu mar chuid den luacháil seo.

Aithnítear go bhfuil foilseacháin eile ag COMHAR, ComharÓg, Comhar Taighde, *Leabhair*COMHAR, COMHARóg, Comhar*léinn/i*COMHAR agus go bhfuil nós acu intéirneachtaí ollscoile agus oifige a fhostú. Cé gur imeachtaí tábhachtacha iad seo iontu féin níor bhaineadar le hábhar sa luacháil seo.

NÓS.ie

Seoladh NÓS.ie ar an 15 Eanáir 2015. Roimhe sin bhí an iris ar an bhfód i bhformáidí éagsúla ó Mhárta 2008. Níl aon fhoilseachán eile ar fáil ar líne a fhreastalaíonn ar phobal na Gaeilge atá díreach mar é. Tá sé dírithe den chuid is mó ar léitheoirí óga idir 18 agus 45. Tá aitheantas faighte ag NÓS.ie i measc lucht a léite agus trí na gradaim atá bainte amach ag na Spider Awards, Irish Web Awards agus ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais faoi dhó. Seoladh Gradaim Cheoil NÓS in 2016 agus reáchtáladh arís é i rith 2017 agus 2018. Is léir go bhfuil fás suntasach tagtha ar an ócáid seo agus tugann sé ardán don Ghaeilge i réimse nach raibh ann cheana. Cuireann an imeacht seo le infheictheacht na Gaeilge trí fhreastal ar cheol comhaimseartha as Gaeilge agus cuirtear le haitheantas NÓS i measc pobal na Gaeilge agus pobal an cheoil araon.

Tá ráite ag NÓS nach mbíonn spriocghrúpa faoi leith in aigne acu seachas an aoisghrúpa idir 18 agus 45. Deir siad go bhfuil 20% de na léitheoirí idir 18 – 24 agus chuimseodh an aoisghrúpa seo mic léinn ollscoile. Ní dhíríonn siad ar mhic léinn scoile cé go bhfuil altanna a foilsíodh ar NÓS.ie úsáidte mar ábhar sna scrúdaithe teistiméireachta (An Teastas Sóisearach, An Ardteistiméireacht, GSCE, A-Leibhéil). Tugann Tuairisc.ie tús áite do dhaoine fásta ach tá rannóg oideachais ar leith ann atá dírithe ar dhaltaí Ardteistiméireachta. Dúirt Comhar gur dream ilghnéitheach iad léitheoirí na hirise acu.

Tá nascanna cruthaithe ag lucht NÓS le hirísí i dteangacha ceilteacha eile, Dàna inGàidhlig na hAlban agus Y Selar (irisleabhar ceoil) sa Bhreatnais. Foilsítear Dàna ar line amháin agus is saorálaithe atá mbun a fhoilsithe. Eisítear Y Selar ceithe huair sa bhliain dírithe ar dhaoine óga idir 16 agus 25. Clóbhuailtear 4,000 cóip agus tá leagan leictreonach ann chomh maith. Tá taithí roinnte acu freisin leis an iris óige Bhascach Gaztezulo, irisleabhar óige míosúil dírithe ar chúrsaí ceoil den chuid is mó. Gearrtar táille €22 in aghaidh na bliana ar síntiúsóir agus seoltar thart ar 16,000 cóip in aghaidh na míosa.

Tá foireann NÓS oilte ag déileáil le cursaí foilsitheoireachta leictreonach. Úsáideann NÓS breiseáin ar Wordpress chun SEO agus SEM a bhainistiú. Déantar iad a nuashonrú go rialta agus is féidir NÓS a aimsiú go héasca ar innill chuardaigh. Má tá laige amháin ann is é nach

bhfuil aip cruthaithe acu go fóill agus tá lucht Comhar sa bhád céanna. Is constaic é seo atá le sárú acu beirt chomh luath agus is féidir. De réir tuairisc ag Flurry (comhlacht anailíse aipeanna) caitheann úsáideoirí 80% dá gcuid ama ar aipeanna i gcomparáid le 20% ar an mbrabhsálaí. Dar le Statista.com beidh 4.06 milliún daoine in Éirinn ag úsáid fóin chliste faoi 2022.

Níl córas aiseolais foirmeálta i bhfeidhm ag NÓS. Tugann siad freagraí ar cheisteanna nó tagairtí a thagann a dtreo ar na meáin shóisialta nó ar ríomhphost.

Is ar líne is mó – bunaithe ar an éileamh ar ábhar an tsuímh agus ar thuairimí na léitheoirí a mheasann NÓS an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an iris.

Níor reáchtáladh aon suirbhé ná grúpa fócais ach bíonn cruinnithe oscailte acu leis na scríbhneoirí ar fad chun barúlacha pearsanta a fháil ar ghnéithe éagsúla an togra. Tá buntáistí ar leith ag baint le córas aiseolais réamhghníomhach seachas a bheith ag brath orthu siúd amháin a chuireann peann le pár.

Tá comhpháirtíochtaí tábhachtacha le craoltóirí ar bun ag NÓS. Bíonn ábhar NÓS á phlé go minic ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life, Raidió Fáilte, Raidió na dTreabh agus Raidió Rí-Rá agus bíonn eagarthóir NÓS agus scríbhneoirí eile de chuid na hirise páirteach i gcláracha na stáisiún seo go minic chomh maith. Is i gcomhpháirtíocht le RTÉ RnaG agus RTÉ 2FM a reáchtáladh Gradaim NÓS 2018 agus bhí feachtas comhfhógraíochta acu le TG4 in 2016.

Is beag dul chun cinn atá déanta ag NÓS maidir le caidreamh a chothú le háisíneachtaí fógraíochta agus ranna rialtais. Aithníonn siad an bearna seo agus deir siad go bhfuil sé i gceist acu tabhairt faoi i rith 2018.

Maidir leis na moltaí do lucht NÓS a dhéan freagróirí ar cheist 22 sa cheistneoir a seoladh go poiblí ar líne b'iad tuilleadh acmhainní, tuilleadh físeáin agus cur le líon na n-ábhar ba mhó a bhí molta.

Tuairisc.ie

Tháinig Tuairisc.ie ar an saol de bharr na scéime Nuachtán Seachtainiúil Ar Líne a sheol Foras na Gaeilge. Mar sin ba ghnólacht nuathionscanta a bhí ann gan stair ag baint leis. Ar ndóigh bhí taithí na mbliain sa bhfoilsitheoireacht ag lucht a stiúrtha agus ní haon ionadh ach go bhfuil táirge rathúil cruthaithe acu as an nua. Tá feabhsaithe chéimnithe bainte amach acu bliain i ndiaidh bliana agus is fiú dhá cheann ar leith a lua anseo, an nasc Foclóirí atá ag barr an scáileáin a chabhraíonn le léitheoirí focail neamhchoitianta a thuiscint agus an t-seirbhís “Tuairisc an Lae” ar ríomhphost a seoltar gach maidin chun léitheoirí a chur ar an eolas faoi scéal nua atá foilsithe. Foilsítear idir 50 agus 100 scéal nua in aghaidh na seachtaine agus tá aip dá gcuid féin cruthaithe a éascaíonn rochtain ar ghléasanna digiteacha.

Spriocghrúpaí

Léiríonn figiúirí Google Analytics go bhfuil éileamh mór ar an tseirbhís i measc daoine fásta. De réir taighde a rinne an Dr Kevin Scannell, saineolaí ar úsáid na Gaeilge ar líne, tá Tuairisc.ie i lár an aonaigh i measc phobal na Gaeilge ar líne. Is minice ná aon suíomh eile scéalta ag Tuairisc.ie ar bharr an liosta ar Chuala.me, an suíomh a chruthaigh Kevin Scannell chun cuntas a choimeád ar na scéalta as Gaeilge is mó atá ag cothú cainte ar líne.

Tá rannóg oideachais ar Tuairisc.ie atá dírithe ar dhaltaí Ardteistiméireachta agus tuigtear trí aiseolas ó bhéal go mbíonn tóir air sa seomra ranga. Tá rannóg na bhfoghlaimeoirí ar an suíomh chomh maith le ábhar tarraingteach atá oiriúnach do lucht léite idir óg agus aosta.

Faigheann Tuairisc.ie aiseolas gach lá ó léitheoirí ar na meáin shóisialta, ó léitheoirí a fhágann tráchtanna ar an suíomh féin nó a théann i dteagmháil leo ar bhealach eile. Déantar scagadh rialta ar an aiseolas seo ar fad agus dar le Tuairisc.ie déantar leasuithe rialta ar an tseirbhís dá réir.

Cé gur léiríodh tacaíocht do Tuairisc.ie i measc na bhfreagraí ar an gceistneoir bhí iarracht den cháineadh ann chomh maith. Bhí níos mó ábhar á éileamh ag cuid de na freagróirí agus spéis ar leith luaite i scéalta idirnáisiúnta. Bhí 92% de na freagróirí sásta leis an gcaighdeán iriseoireachta.

Is beag airgid atá ag teacht isteach atá ag Tuairisc.ie ón mhargaíocht agus aithníonn siad gur easnamh é nach bhfuil na hacmhainní acu le tabhairt faoi mhórfheachtais mhargaíochta ar bhonn níos rialta agus níos cuimsithí. Tá siad dírithe den chuid is mó ar fhás an bhranda a chothú seachas bheith ag cur am agus acmhainní amú i dtobar teoranta.

Chruthaigh Tuairisc.ie deiseanna oiliúna i gceird na hiriseoireachta mar a bhí leagtha síos sna critéir tomhais. Fostaíodh beirt iriseoir faoi oiliúint agus tugadh deiseanna taithí oibre do dheichniúr chomh maith le suas le 200 comhfhreagraithe, idir rialta agus ócáideach. I gcomparáid leis seo ghlac Comhar intéirnigh ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath agus An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Deir eagarthóir NÓS nach bhfuil an t-am ná na hacmhainní ag NÓS a bheith ag oiliúint scríbhneoirí óga.

Anailís LLDB

Láidreachtaí

- Tá branda láidir ag COMHAR le stair na mbliain a chothaíonn muinín an phobail léitheoireachta (D'aontaigh 77% den na freagróirí ar an suirbhé gur luach maith ar airgead é Comhar)
- Foilseachán uathúil é NÓS a fhreastalaíonn go gairmiúil ar réimse ar leith den bpobal léitheoireachta agus cruthaíonn siad gur teanga bheoga í an Ghaeilge gur féidir aon ábhar a phlé inti
- Léiríonn Tuairisc.ie go bhfuil ar a gcumas dul i ngleic le nuacht coitianta agus na scéalta nach mbeadh á dtuairisciú ina n-éagmais
- Tá scoth na Gaeilge le léamh iontu triúr

Laigí

- Tá scoth na scríbhneoireachta ar fáil in COMHAR ach tá sí á cheilt ar lucht léitheoireachta a d'fhéadfadh a bheith acu ach é bheith ar fáil níos forleithne
- Easpa físeáin agus giotáí fuaime ar NÓS.ie
- Ní théann Tuairisc.ie i ngleic le mórscéalta an lae chuile lá agus dá bhrí sin níl siad ar chomhchéim leis na meáin Bhéarla ar líne mar chéad fhoinse nuachta
- Na trí fhoilseachán ag brath ar obair dheonach chun a dtáirgí a sholáthar
- Easpa deiseanna margaíochta

Deiseanna

- Is beag deis atá ann do na trí fhoilseachán gan breis acmhainní a bheith ar fáil dóibh. M. sh. treallamh d'ard-chaighdeán chun físeáin a sholáthar ar line go rialto
- Post mar oifigeach margaíochta a chruthú a chuirfeadh seirbhísí ar fáil don trí eagraíocht
- Scéim fógraíochta a aontú le gach roinn rialtais le cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla maidir le fógraíocht phoiblí as Gaeilge
- Oiliúint agus taithí oibre a chur ar fáil do ábhar iriseoirí i gcomhpháirt leis na hollscoileanna

Bagairtí

- Gan dóthain airgid a bheith ar fáil chun na seirbhísí a choimeád ar siúl agus a fheabhsú
- Easpa aiseolais ar bhonn eolaíochtúil
- Easpa fógraíochta a chuirfeadh sruth airgid ina dtreo
- Ísliú céime don Ghaeilge de dheascaibh athruithe molta i mBille na dTeangacha Oifigiúla 2017 – (mar shampla, deireadh a chur le Scéimeanna Teanga na ranna rialtais agus “Caighdeán” a chur ina n-áit)
- Tréimhse mhaoinithe trí bliana ró-ghairid. (Bheadh níos mó cinnteacht ann don todhchaí dá mbeadh tréimhse mhaoinithe cúig bliana I gceist. I gcúrsaí gnó aithnítear tréimhse cúig bliana mar thréimhse pleanálastraitéiseach inmholta.)
- Baol go mbeadh droch-thionchar ag *Breatimeacht gan conradh* ar institiúidí tras-teorainn a cruthaíodh de thoradh comhaontú Aoine an Chéasta

Moltaí

Is léir ón taighde seo go bhfuil táirgí ar chaighdeán ard á soláthar ar bheagán airgid i gcomhthéacs na foilsitheoireachta agus tá sé deacair a thuiscint go bhféadfaidís leanúint orthu gan breis a bheith ar fáil sa todhchaí. Tá costais reatha ag ardú ar chíosanna, tuarastail, árachas 7rl. Tá na trí fhoilseachán ag brath nach mór go hiomlán ar na deontais i gcabhair agus is cinnte nach bhfuil saol an mhaidí bháin ag éinne acu. Is gá go mbeidh athrú ar an scéal. Ní féidir le comhlachtaí gairmiúla bheith ag brath ar dhea-thoil chun críche a gcuid oibre. Ba chóir go mbeadh dóthain airgid ann chun go mbeidh seirbhís leanúnach ar ard-chaighdeán á sholáthar do phobal na Gaeilge. Chuige seo is léir go mbeidh ar Fhoras na Gaeilge teacht ar bhreis airgid. Deir Tuairisc.ie go bhfuil siad ag feidhmiú ar 25% níos lú ná mar a bhí ann don bpáipéar seachtainiúil a bhí ann roimh ré. Gan tuilleadh airgid a bheith ar fáil is é is dóichí ná go mbeidh ciorrú le déanamh ar na seirbhísí foilsitheoireachta seo agus is iad pobal léitheoireachta na Gaeilge a bheadh thíos leis.

Tá cúpla rogha eile ann dar ndóigh agus is cinntí deacra a bheadh i gceist. D'fhéadfadh NÓS agus Tuairisc.ie teacht le chéile in aon suíomh amháin agus acmhainní a chéile a roinnt ach bheadh bagairt ann leis an rogha seo chomh maith go gcaillfí an neamhspleáchas atá acu ar a chéile rud atá tábhachtach ó thaobh éagsúlacht tuairime de. Ní bheadh sé sláintiúil muna mbeadh ach an t-aon dearcadh amháin curtha faoi bhráid an phobail. D'fhéadfaí deireadh a chur le scéim amháin de na trí cinn agus an t-airgead a roinnt ar an dá cheann eile.

Caithfear a rá gur trua go bhfuil táirge mar atá ag COMHAR á léamh ag a laghad san daoine. Is cinnte go bhfuil siad ag brath ar na síntiúis chun a gcostais reatha a ghlanadh ach caithfear teacht ar bhealach éigin chun COMHAR a roinnt le níos mó daoine. Ní leor go bhfuil corr alt ar fáil saor in aisce ar líne anois is arís. B'fhéarr go mór go mbeadh teacht ag pobal léitheoireachta níos leithne ar an ábhar spéisiúil a cuirtear ar fáil. Nuair a

cuirtear costas an síntiúis leis an maoiniú a chuireann Foras na Gaeilge ar fáil tá costas iomlán de €21 ar gach cóip de Comhar a díoltar níl sé seo inbhuanaithe go fad téarmach.

Is eilimint fíor thábhachtach do inmharthanacht aon teanga go mbeadh an teanga le feiceáil chomh maith le í a chloisteáil.

Being visible may be as important for minority languages as being heard.

(Marten et al)

Níl reachtaíocht ann a chabhródh leis seo agus titeann an cúram seo ar Fhoras na Gaeilge an bearna seo a líonadh trí mhaoiniú réadúil a chur ar fáil do na meáin Ghaeilge. Chuige seo is gá don bhForas brú a chur ar pholaiteoirí níos mó airgid a chur ar fáil. Aithnítear gur réiteach simplí é seo agus go bhfuil bearnaí polaitiúla ann a chuireann leis an dúshlán. Ar an mbonn céanna tá bearna sa mhargadh nach bhfuil á líonadh faoi láthair, sé sin cruachóip den nuachtán seachtainiúil. Dar ndóigh bheadh costas ollmhór leis seo agus ag féachaint siar ar na hiarrachtaí a déanadh le blianta beaga anuas agus an titim ollmhór i gclaocht na nuachtán ar fud an domhain is deacair a shamhlú go mbeadh rath ar a leithéid.

Cé go ndéantar iarrachtaí ar thaithí oibre a chur ar fáil san earnáil seo ní léir go bhfuil struchtúr aitheanta ann. Moltar go dtabharfaí faoi scéim/eanna a eagrú i gcomhpháirt leis na hollscoileanna a chuireann cúrsaí cuí oiliúna ar fáil, ar nós BA Gaeilge agus Iriseoireacht in Fiontar DCU agus BA sa Ghaeilge Fheidhmeach i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh. D'fhéadfaí tabhairt faoi scéim dá leithéid faoin socrúchán Erasmus nó d'fhéadfaí nasc foirmeálta oiliúna a chruthú a roinnfeadh scileanna agus taithí na bhfoilsitheoirí ar na mic léinn.

Agus an chéad bhabhta eile maoinithe á phleanáil ag Foras na Gaeilge níor mhiste breathnú ar an tréimhse maoinithe. Is deacair pleanáil a dhéanamh in earnáil na foilsitheoireachta ar bhonn tréimhse trí bliana. Moltar go ndéanfaí iarracht an tréimhse a shíneadh go dtí cúig bliana.

Focal Scoir

Aithníonn an t-údar go bhfuil dúshlán á sárú ag foirne COMHAR, NÓS agus Tuairisc.ie gach lá. Freastalaíonn siad triúr go gairmiúil ar ghnéithe éagsúla den mhargadh agus cé go bhfuil obair fhóna ar bun acu tá deiseanna le tapú agus dúshlán le sárú acu.

Ar deireadh ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as ucht an tacaíocht a fuarthas agus an fáilte a cuireadh romham agus an luacháil seo idir lámha agam. Táim go mór faoi chomaoin ag baill foirne COMHAR, NÓS agus Tuairisc.ie a thug a gcuid ama go fial chun bualadh liom agus freagraí cuimsitheacha a thabhairt ar na ceisteanna a d'éascair as na cruinnithe.

Tagairtí

Davies, J., 1993. Cymraeg (Welsh). In: Davies, J. (eag.), *Mercator Media Guide Volume 1*. (Caerdydd: University of Wales Press), pp. 63-88.

Marten, H.F., Gorter, D. agus Van Mensel, L. *Studying Minority Languages in the Linguistic Landscape*: 2012

Ní Chollatáin, R. *Tuarascáil ar straitéis úr maidir le Foras na Gaeilge i leith earnáil na meán Gaeilge clóite agus ar line*. 2011

Ó Dochartaigh, L. 2006. 'The Possibilities for Networking and Information-Sharing' in Ó Riagáin, D., *Voices Diversae: Lesser-Used Language Education in Europe*. (Belfast: Cló Ollscoil na Banríona), pp. 182-193.

Zabaleta, I. 2012 *The Future of Journalism in an age of digital media and economic uncertainty* in *Journalism Studies: Theory and Practice*. 2016. (eag) Bob Franklin

Ceistneoir agus freagraí ón bpobal

<https://www.surveymonkey.com/results/SM-7HMG7R69V/>